**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* The Escape Center BVBA

*Cosantóir:* Belgische Staat

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 98(2) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, arna léamh i gcomhar le pointe 14 d'Iarscríbhinn III a ghabhann léi,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfar soláthar seirbhísí a bhaineann le saoráidí spóirt a úsáid in ionad aclaíochta agus soláthar cóitseála aonair nó grúpa a bheith faoi réir ráta laghdaithe cánach breisluacha i gcás ina bhfuil an chóitseáil sin nasctha le húsáid na saoráidí sin agus go bhfuil sé riachtanach chun spórt agus corpoideachas a chleachtadh nó i gcás ina bhfuil an chóitseáil sin coimhdeach le húsáid na saoráidí sin nó lena n-úsáid éifeachtach.

(1) IO C 338, 23.08.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 22 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de Primera Instancia nº 10 bis de Sevilla – an Spáinn) – Vicente v Delia**

**(Cás C-335/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Treoir 93/13/CEE – Cleachtais tráchtála éagóracha maidir le tomhaltóirí – Prionsabal na héifeachtachta – Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Nós imeachta achomair chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú – Téarmaí a d'fhéadfadh a bheith éagórach i gcomhaontú táille – Dlí náisiúnta nach dtugann an deis go ndéanfaí athbhreithniú breithiúnach – Airteagal 4(2) – Raon feidhme na heisceachta – Treoir 2005/29/EC – Airteagal 7 – Cleachtas tráchtála míthreorach – Conradh arna thabhairt i gcrích idir dlíodóir agus cliant lena dtoirmisctear ar an gcliant, faoi phian pionós airgeadais, tarraingt siar i ngan fhios don dlíodóir nó i gcoinne chomhairle an dlíodóra)***

(2022/C 424/14)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado de Primera Instancia nº 10 bis de Sevilla

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Vicente

*Cosantóir:* Delia

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna leasú le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór leiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc léi ar dhlí náisiúnta a bhaineann le nós imeachta achomair chun táillí dlíodóirí a aisghnóthú ar dá mbun a bheidh an t-éileamh arna dhéanamh i gcoinne an chliaint tomhaltóra ina ábhar do chinneadh arna thabhairt ag údarás neamhbhreithiúnach, agus nach bhforáiltear d'idirghabháil cúirte ach amháin ag céim an achomhairc i gcoinne an chinnidh sin, gan an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair a bheith in ann a áirithiú, ar fhoriarratas dá cuid féin más gá, an bhfuil na téarmaí atá sa chonradh as a dtagann na táillí a éilítear éagórach nó an dtugtar cead do na páirtithe leo fianaise eile a thabhairt ar aird seachas an fhianaise a cuireadh faoi bhráid an údaráis neamhbhreithiúnaigh cheana féin.

2) Maidir le hAirteagal 4(2) de Threoir 93/13, arna leasú le Treoir 2011/83,

ní mór leiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chumhdaítear leis an eisceacht dá bhforáiltear san fhoráil sin téarma conartha arna thabhairt i gcrích idir dlíodóir agus a chliant nó a cliant faoina ngeallann an cliant, agus pionós airgid ag gabháil leis, treoracha an dlíodóra sin a leanúint, gan gníomhú i ngan fhios don dlíodóir nó i gcoinne comhairle an dlíodóra sin agus gan é féin a tharraingt siar ó na himeachtaí dlíthiúla ar a thug sé treoir don dlíodóir.

3) Maidir le Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha gnólacht le tomhaltóir sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

ní mór léirmhiú a dhéanamh mar seo a leanas:

os rud é go n-áirítear i gconradh a tugadh i gcrích idir dlíodóir agus a chliant nó a cliant, lena bhforáiltear go ngearrfaidh an dlíodóir sin pionós airgeadais ar an gcliant má tharraingíonn sé nó sí siar é féin ó na himeachtaí dlíthiúla ar a thug sé treoir don dlíodóir, ar téarma é a dtagraíonn do scála táille comhlachais ghairmiúil agus nár luadh san fhógrán ná san fhaisnéis a cuireadh ar fáil sular tugadh an conradh i gcrích; ní mór é a rangú mar chleachtas tráchtála "míthreorach", de réir bhrí Airteagal 7 den Treoir sin, más rud é go mbeidh sé nó gur dócha go mbeidh sé ina chúis leis an tomhaltóir, cinneadh idirbhirt a dhéanamh nach mbeadh glactha aige murach sin; is í an chúirt náisiúnta a chinnfidh an cinneadh sin.

(1) IO C 382, 20.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 22 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Schleswig-Holsteinisches Verwaltungsgericht – an Ghearmáin) – SI agus páirtithe eile v Bundesrepublik Deutschland**

**(Cás C-497/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Rialuithe teorann, tearmainn agus inimirce – Beartas maidir le tearmann – Treoir 2013/32/AE – Nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta – Forais do-ghlacthachta – Airteagal 2(q) – An coincheap "iarratas ina dhiaidh" – Airteagal 33(2)(d) – Diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ag Ballstát toisc é a bheith do-ghlactha mar gheall ar dhiúltú d'iarratas arna thíolacadh ag an duine lena mbaineann roimhe sin ag Ríocht na Danmhairge – Cinneadh críochnaitheach arna ghlacadh ag Ríocht na Danmhairge)***

(2022/C 424/15)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Schleswig-Holsteinisches Verwaltungsgericht